

Achoimre ar Bhearta Bhuiséad 2014

Athruithe Beartais

Achoimre ar Bhearta Bhuiséad 2014

Athruithe Beartais

Ábhar

	Leathanach
Bearta Cánachais	A.4
Cáin Ioncaim	A.4
Cáin Ioncaim Eile	A.5
Faoisimh agus Díolúintí	A.5
Liúntais Chaipitiúla agus Scéimeanna Dreasachta Cánach	A.6
Cáin Ghnóchan Caipitiúil	A.6
Dleachtanna Máil	A.7
Cáin Chorparáideach	A.7
CBL	A.9
Dleacht Stampa	A.10
Cáin ar Choigiltis	A.10

Bearta Cánachais lena dtabhairt isteach in 2014

Beart	Toradh/ Costas 2014	Toradh /Costas Bliain Iomlán
Cáin Ioncaim Cuirfear creidmheas nua is Creidmheas Cánach Cúramóra Linbh do Dhuine Singil in ionad an Chreidmheasa Cánach Teaghlaigh Aon-Tuismitheora ón 1 Eanáir 2014. Beidh an luach céanna leis an gcreidmheas nua ach is do phríomhchúramóir an linbh amháin a bheidh sé ar fáil.	+€18m	+€25m

<p>Cáin Ioncain Eile</p> <p>Ón 16 Deireadh Fómhair 2013 beidh an Faoiseamh Cánach le haghaidh préimheanna Árachais Leighis teoranta don chéad €1,000 i leith duine fásta árachaithe agus don chéad €500 i leith leanbh árachaithe.</p> <p>Dreasacht Athchóirithe Tí (DAT) Tá scéim faoisimh cánach le haghaidh athchóiriú tí á tabhairt isteach ar feadh tréimhse dhá bhliain.</p> <p>Tús le do Ghnó Féin (TGF) Soláthrófar díolúine ó Cháin Ioncain suas go huasmhéid €40,000 sa bhliain ar feadh tréimhse dhá bhliain, do phearsana aonair a bhunaíonn ghnó neamhchorpraithe cáilitheach, ar daoine iad a bhí dífhostaithe ar feadh tréimhse 15 mhí ar a laghad roimh an ngnó a bhunú.</p> <p>Ní bheidh Faoiseamh Barrscoite ar fáil a thuilleadh ón 1 Eanáir 2014 i leith íocaíochtaí uile cnapsuimhe <i>ex gratia</i>.</p> <p>Dreasacht Fostaíochta agus Infheistíochta Bainfeadh an Dreasacht Fostaíochta agus Infheistíochta de Shrianadh na nArd-Saothraithe go ceann trí bliana.</p> <p>Déanfar liúntais chaipitiúla agus cailteanais ar ghléasra agus innealra a úsáidtear i dtrádálacha monaraíochta agus a bhíonn á n-éileamh ag infheisteoirí éighníomhacha a áireamh mar fhaoiseamh speisialta chun críocha shrianadh na n-ardsaothraithe.</p> <p>Faoiseamh Cánach ar Iasachtaí chun Leas a Fháil i gComhpháirtíocht</p> <p>Tarraingeofar siar an Faoiseamh seo ar bhonn céimnithe in imeacht 4 bliana. Ní cheadófar faoiseamh ar iasachtaí nua a thógfáir amach ón 15 Deireadh Fómhair 2013. Coinneoidh éiliteoirí atá ann cheana féin an Faoiseamh, ar bhonn ráta laghdaithe go dtí an 1 Eanáir 2017.</p>	<p>+€94m</p> <p>Nialas</p> <p>-</p> <p>Nialas</p> <p>-€1m</p> <p>-</p> <p>+€1m</p>	<p>+€127m</p> <p>-€62m</p> <p>-</p> <p>+€22m</p> <p>-€1m</p> <p>-</p> <p>+€4m</p>
<p>FAOISIMH AGUS DÍOLÚINTÍ</p> <p>Faoiseamh Scannáin</p> <p>An míniú ar 'phearsa aonair incháilithe' a leathnú d'fhonn talann nach den AE a áireamh, i dteannta cáin choinneála a thabhairt isteach. Faoi réir cheadú a fháil ón AE i leith Cabhair Stáit agus ordú thosach feidhme.</p>	<p>-</p>	<p>-€15m</p>

<p>Liúntais Chaipitiúla agus Scéimeanna Dreasachta Cánach</p> <p>Tionscnamh Cathrach Beo É a leathnú d'fhonn maoin chónaithe a tógadh roimh 1915 a áireamh agus é a leathnú chuig cathracha eile – Corcaigh, Gaillimh, Cill Chainnigh agus Baile Átha Cliath.</p> <p>Beidh an tionscnamh seo faoi reir ceadú a fháil ón AE I leith Cabhair Stáit agus ordú thosach feidhme.</p>	-	-€20m
<p>CÁIN GHNÓCHAN CAIPITIÚIL</p> <p>Dreasacht ceannaithe maoinne Tá leathnú bliana á dhéanamh ar an bhfaoiseamh fionnta ó CGC (i leith na chéad 7 mbliana úinéireachta) le haghaidh ionaid mhaoine a ceannaíodh idir 7 Nollaig 2012 agus 31 Nollaig 2013 a tugadh isteach sa Bhuiséad agus in Acht Airgeadais 2012 chun ionaid mhaoine a cheannófar go dtí deireadh 2014 a áireamh. I gcás ina mbeidh an mhaoin a bheidh ceannaithe sa tréimhse sin ar teachtadh ar feadh seacht mbliana ní tharraingeofar CGC ar na gnóchain a thabhfófar sa tréimhse sin.</p> <p>Faoiseamh fiontraíochta CGC Tá dreasacht CGC á tabhairt isteach d'fhonn fiontraíthe a spreagadh (go háirithe fiontraíthe srathacha) chun infheistiú agus athinfheistiú a dhéanamh i sócmhainní. a úsáidtear i ngníomhaíochtaí trádála táirgiúla nua.</p> <p>Beidh feidhm ag an mbeart seo i gcás go ndéanfaidh pearsa aonair, a mbeidh cáin ghnóchan caipitiúil íochta aige nó aici ar dhiúscairt sócmhainní, infheistíochtaí i ngnó nua sa tréimhse 1 Eanáir 2014 go 31 Nollaig 2018 agus go ndiúscróidh sé nó sí an infheistíocht sin tráth nach luaithe ná trí bliana tar éis dháta na hinfeistíochta. Laghdófar an CGC is iníochta ar dhiúscairt na hinfeistíochta nua den mhéid is ísle díobh seo: (i) an CGC a bheidh íochta ag an bpearsa aonair ar dhiúscairt sócmhainní roimhe sin sa tréimhse ón 1 Eanáir 2010 agus (ii) 50% den CGC a bheidh dlite ar dhiúscairt na hinfeistíochta nua. Tá tosach an bhirt seo faoi réir cead a fháil ón AE I leith Cabhair Stáit.</p> <p>Faoiseamh Scoir CGC Táthar leis an bhfaoiseamh scoir CGC a leathnú tuilleadh go dtí diúscairt talún ar léas in imthosca, i measc coinníollacha eile, ina bhfuil an talamh ar léas fadtéarmach (íosléas 5 bliana) agus go ndéantar an</p>	- - - -€1m	- - (-€20m by 2018) -€1m

<p>diúscairt dá éis sin do dhuine seachas leanbh leis an té atá ag diúscairt an talaimh feirme. Is é cuspóir an bheartais, feirmeoirí níos sine nach bhfuil clann orthu lena bhfeirm a aistriú chucu a spreagadh chun a gcuid talaimh feirme a ligean ar léas fadtéarmach le feirmeoirí níos óige.</p>		
<p>Dleachtanna Máil</p> <p>Cáin ar Tháirgí Tobac Beidh an Dleacht Máil ar phacáiste 20 toitín ag méadú 10 cent (CBL san áireamh), agus beidh méadú pro rata ar na táirgí eile tobac, le héifeacht ó mheánoíche an 15 Deireadh Fómhair 2013.</p> <p>Cáin Táirgí Alcóil Beidh méadú 10 cent (CBL san áireamh) ar an dleacht máil ar phionta beorach nó ceirtlise, agus ar ghnáthmhiosúr biotáille; beidh méadú 50 cent (CBL san áireamh) ar an dleacht ar bhuidéal 75cl fíona, le héifeacht ó mheánoíche an 15 Deireadh Fómhair 2013.</p> <p>An Scáth-Gheilleagar Leanfaidh sé as fócas leanúnach ar an scáthgheilleagar sna hearnálacha táirgí mianraí ola agus alcóil go mbeidh toradh breise ann agus cuirfidh sé go suntasach leis an trádáil dhlísteanach.</p> <p>Cáin Aerthaistil Laghdófar an Cháin Aerthaistil go dtí nialas le héifeacht ón 1 Aibreán 2014.</p>	<p>+€15m</p> <p>+€145m</p> <p>+€20m</p> <p>-€28m</p>	<p>+€15m</p> <p>+€145m</p> <p>+€20m</p> <p>-€36m</p>
<p>CÁIN CHORPARÁIDEACH</p> <p>CREIDMHEAS CÁNACH T&F Athbhreithníodh an réisim Creidmheasa Cánach Taighde & Forbartha ('T&F') le linn 2013. D'ullmhaigh an Roinn tuairisc mhionsonraithe atá le feiceáil ar Shuíomh Gréasáin an Bhuiséid. De thoradh an athbhreithnithe sin, tá roinnt athruithe á dtionscnamh:</p> <p>An Bhonnbhliain Foráladh le hAcht Airgeadais 2012 go mbainfeadh an chéad €100,000 tairbhe as an gcreidmheas cánach gan tagairt do bhonnbhliain 2003, agus méadaíodh an méid sin go dtí €200,000 le hAcht Airgeadais 2013. Tá an méid</p>	<p>-€2m</p>	<p>-€2m</p>

<p>caiteachais a cheadaítear amhlaidh á mhéadú anois go dtí €300,000.</p> <p>Seachfhoinsiú Tá an méid caiteachais ar Thaighde agus Forbairt (T&F) atá seachfhoinsithe chuig tríú páirtithe agus a cheadaítear a cháiliú le haghaidh creidmheasa teoranta do 10% den chaiteachas iomlán ar T&F a cháilíonn don chreidmheas in aon bhliain ar leith. Tá an teorainn seo á méadú ó 10% go 15%.</p> <p>Fostaí ríthábhachtach Ó 2012, aon chuideachta a bhfuil teideal aici chuig an gCreidmheas Cánach T&F, féadfaidh sí cuid den chreidmheas a ghéilleadh chuig fostaithe dá bhfreagraíonn an míniú ar 'fostaí ríthábhachtach'. Faoi réir coinníollacha áirithe, féadfaidh an fostaí sochar an creidmheasa cánach a úsáid chun a ndliteanas cánach ioncaim féin a laghdú.</p> <p>Tá leasuithe á ndéanamh ar an ngné seo den scéim chun deireadh a chur le roinnt bacainní atá ann ar dhaoine á nglacadh.</p>	<p>-€3m</p> <p>-</p>	<p>-€3m</p> <p>-</p>
---	----------------------	----------------------

CBL		
<p>An ráta CBL laghdaithe a choinneáil Tá an ráta CBL laghdaithe 9%, a tugadh isteach in 2011 mar chuid de Thionscnamh Post an Rialtais do sheirbhísí a bhaineann leis an turasoíreacht ceaptha dul ar ais chuig 13.5% ar an 31 Nollaig, 2013. Coinneofar an ráta CBL 9%.</p>	-€290m	-€350m
<p>Méadú ar Thairseach CBL do Chuntasaíocht Airgid Thirim Tá an bliantúil CBL do bhonn na bhfáltas airgid thirim le haghaidh gnóthais bheaga go meánmheide á mhéadú ó €1.25 milliun go €2 milliún le héifeacht ón 1 Bealtaine 2014. Cuideoidh an t-athrú seo leis na gnónna sin i réimse an-tábhachtach an tsreafa airgid agus laghdóidh sé ar an riarachán.</p>	-€15m	Nialas
<p>Méadú ar Bhreisiú Ráta Comhréidh an Fheirmeora ó 4.8% go 5% Méadófar breisiú ráta comhréidh an fheirmeora ó 4.8% go 5% le héifeacht ón 1 Eanáir 2014. Is cúiteamh atá sa scéim ráta chomhréidh d'fheirmeoirí neamhchláraithe i leith CBL a tabhaíodh ar a gcuid ionchur feirmeoireachta.</p>	-€8m	-€10m

<p>Dleacht Stampa</p> <p>Díolúine d'aistrithe scaireanna atá liostaithe ar Mhargadh Urrús Fiontraíochta Stocmhalartán na hÉireann.</p> <p>Is é atá sa Mhargadh Urrús Fiontraíochta (MUS) margadh Stocmhalartán na hÉireann do chuideachtaí fáis. Dearadh go speisialta é chun fónamh to riachtanais chistiúcháin cuideachtaí sna tráthanna is luaithe dá gcuid forbartha. Beidh aistrithe na scaireanna sin díolmhaithe ó Dhleacht Stampa ar aistrithe scaireanna (1% ar scaireanna eile). Tá an chuid seo faoi réir ordú thosach feidhme.</p>	-	-€5m
<p>Dleacht Stampa</p> <p>Tobhach ar Fhorais Airgeadais</p> <p>Chinn an Rialtas go mbeidh ranníoc sonrath chuig an Státchiste le fail ón earnail airgeadais don tréimhse 2014 go 2016. Bainfidh an ranníoc sin leis an méid cánach a bheidh íoctha ar ús ar thaiscí ag an bhForas i mbliain fhéilire 2011. Beidh na sonraí iomlána ar áireamh sa Bhille Airgeadais.</p> <p>Tobhach Ciste Pinsin</p> <p>Tá an tobhach dleachta stampa 0.6% ar shócmhainní ciste pinsin le méadú go dtí 0.75% don bhliain 2014. Laghdófar an tobhach go dtí 0.15% le haghaidh 2015.</p>	+€150m	+€150m
<p>CÁIN AR CHOIGILTIS</p> <p>Cáin Choinneála ar Ús Taisce agus Cánacha Scoir ar Pholasaithe Árachais Saoil agus ar Chistí Infheistíochta</p> <p>Tá an ráta cánach coinneála a bhfuil feidhm aige maidir le hús ar thaiscí, mar aon leis na rátaí cánach scoir a bhfuil feidhm acu maidir le polasaithe árachais saoil á méadú agus 41% a bheidh ann anois, cibé acu a dhéantar íocaíochtaí in aghaidh na bliana nó níos minice (33% a bhí ann roimhe seo) nó a dhéantar iad níos annaimhe ná in aghaidh na bliana (36% a bhí ann roimhe seo). Bainfidh na rátaí méadaithe le hiocaíochtaí, lena n-áirítear íocaíochtaí measta, a dhéanfar an 1 Eanáir 2014 nó ina dhiaidh.</p>	+€105m	+€140m